# Deireadh na Feide

le hAilbhe Ní Ghearbhuigh



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Deireadh na Feide

**Deireadh na Feide le hAilbhe Ní Ghearbhuigh**


Inniu féin
is cuimhin le muintir Aas
go mbíodh teanga
á feadaíl
ag na haoirí fadó,

fead a ghabh
bealach fuaime an ghleanna
idir féarach is sráidbhaile,

fead a d'iompair
nuacht an lae
idir aoirí
agus na mná a d'oibrigh
sna goirt máguaird,

feadaíl nach dtuigtí
lasmuigh den bparóiste.

# Deireadh na Feide



Nuair a tháinig na Naitsithe
choimeád an fheadaíl
Giúdaigh slán ó chontúirt;
chuir scéalta an *Résistance*
ó bhéal go béal faoi rún;
chabhraigh le píolótaí a bhí imithe amú
teorainn na Spáinne a aimsiú.

Níor chualathas ó shin í.

Maireann sí i gcuimhne na ndaoine,
an teanga feadaíola seo,
ach níl ar chumas éinne
na fuaimeanna a aithris.

Níor deineadh aon taifead.

# Deireadh na Feide

**Gluais:**

**á feadaíl** = nuair a dhéanann duine biogarnach lena bheola
**aoirí** = daoine a thugann aire agus treoir do chaoirigh sna sléibhte
**fadó** = i bhfad ó shin
**fead a ghabh** = fuaim feadaíola a d'imigh
bealach fuaime = an tslí a dtéann gleo i bhfeidhm
**féarach** = paiste féir
**goirt máguaird** = páirceanna mórthimpeall
**lasmuigh** = taobh amuigh
**na Naitsithe** = páirtí Gearmánach ar an eite dheas a bhunaigh Adolf Hitler
**Giúdaigh** = daoine a bhfuil an creideamh Giúdach acu
**contúirt** = baol
**ó bhéal go béal** = ó dhuine go duine sa chaint
**píolótaí** = daoine atá in ann eitleáin a eitilt
**imithe amú** = imithe ar strae
**a aimsiú** = teacht air
**cuimhne na ndaoine** = coinisias na ndaoine
**níl ar chumas éinne** = ní féidir le haon duine
**a aithris** = a rá
**níor deineadh** = ní dhearnadh

# Deireadh na Feide

**I gcás na Gaeilge, bíonn ualach níos troime fós i gceist mar bíonn ort an uirlis a chosaint i láthair daoine nach gcreideann gurb ann di.**

Ailbhe Ní Ghearbhuigh


# Deireadh na Feide

**Achoimre ghairid ar an dán**

Tá an dán seo scríofa sa tríú pearsa. Is dán stairiúil, sóisialta agus meafrach é a bhfuil reacaireacht láidir le sonrú ann. Cuirtear tús leis an dán san Aimsir Láithreach, an file ag scríobh '[i]nniu féin', rud a chuireann cúrsaí ama agus oidhreachta chun cinn láithreach mar théama sa dán. Déanann an file an Aimsir Láithreach, Ghnáthchaite agus Chaite a shníomh le chéile chun léargas a thabhairt ar rudaí nach féidir a fháil ar ais agus atá imithe uainn anois.

Tá cuimhne ag daoine in Aas, baile beag de chuid na Fraince atá suite sna Piréiní, ar theanga rúnda a bhíodh á feadaíl ag aoirí na háite i bhfad ó shin. Toisc cruth na sléibhte, thaistil gleo na feadaíola i bhfad, níos faide ná mar a cheapfá, fiú go dtí na páirceanna agus ar ais go dtí an sráidbhaile. Nuacht an lae agus gnáthchaint na n-aoirí lena mná sna páirceanna timpeall na háite a bhí san fheadaíl seo agus ní raibh tuiscint ach ag muintir an bhaile ar an teanga rúnda seo. Teanga uathúil ab ea í 'nach dtuigtí/lasmuigh den bparóiste'.

# Deireadh na Feide



**Achoimre ghairid ar an dán**

Nuair a tháinig na Naitsithe ón nGearmáin go dtí an Fhrainc le linn an Dara Cogadh Domhanda, choinnigh an fheadaíl seo Giúdaigh ó bhaol. Chuidigh an teanga feadaíola scéalta rúnda na reibiliúnach a bhí ag obair go rúnda i gcoinne na Naitsithe a chur ar aghaidh. D'éirigh leo píolótaí a bhí ar seachrán a thabhairt slán go teorainn na Spáinne le cúnamh an phobail. Bhí cumhacht sa teanga sin a chosain an pobal le linn an Chogaidh sin.

Níl aon duine tar éis an teanga rúnda feadaíola seo a chloisteáil ó shin áfach. Tá an teanga imithe i léig, is cuimhin le daoine sa cheantar fós í ach níl aon duine in ann na fuaimeanna feadaíola sin a dhéanamh a thuilleadh. Níor choinnigh aon duine taifead uirthi agus tá an teanga caillte anois, imithe leis na daoine a chleacht í fadó.



# Deireadh na Feide

**Teideal an Dáin**

**Tá imeartas focal an-chliste le feiceáil i dteideal an dáin seo, rud a chuireann saibhreas na dtéamaí ann in iúl ón tús.**

Is é 'Deireadh na Feide' teideal an dáin seo agus is éard atá i gceist leis sin ná an cnead deiridh agus duine ag análú. Bíonn daoine mar sin uaireanta agus iad ag fáil bháis agus is dán é seo faoi bhás cultúrtha agus teanga mhuintir Aas. Tá siomblachas, mar sin, ag baint leis an teideal dá bharr.

Tá imeartas focal le feiceáil san fhocal 'fead' freisin agus an file ag labhairt faoi fheadaíl mhuintir Aas. Bhí teanga rúnda acu, a choinnigh i dteagmháil lena chéile iad agus slán ó bhaol le linn tréimhsí contúirteacha. Tá an fheadaíl sin imithe anois agus léi tá cultúr agus saibhreas an phobail a chleacht í marbh.

Tá imeartas focal le feiceáil chomh maith sa nath cainte 'ag deireadh na feide'. Deir daoine go bhfuil siad ag deireadh na feide nuair atá siad tinn tuirseach nó breán bailithe de rud éigin. Tá brón, áiféala agus doilíos le feiceáil sa teideal dá bharr agus an file ag léiriú a díomá faoi dheireadh teanga agus faoi bhás modh cumarsáide a bhí speisialta, uathúil agus sainiúil. Is teideal é atá, mar sin, chomh saibhir leis an dán féin.

# Deireadh na Feide

**Cúlra an Dáin**

**Is áit ar leith í Aas, sráidbhaile beag thuas sna Piréiní, a spreag modh cumarsáide ar leith i measc an phobail. Léiríonn teanga rúnda feadaíola na ndaoine gur scathán í an teanga ar an bpobal a labhraíonn í.**

Is áit iargúlta í Aas atá suite thuas i sléibhte na Piréiní. Níl mórán níos mó ná céad duine ina gcónaí anois ann. Toisc sna sléibhte a bhí siad, b'éigean do na fir dul sa tóir ar phaistí féir do na caoirigh. B'aoirí iad dá bharr. Bhain siad úsáid as teanga feadaíola chun cumarsáid a dhéanamh leis na mná a bhí thíos sa bhaile, rud a spreag tírdhreach sainiúil na sléibhte a chuidigh leis an ngleo taistil i bhfad níos faide agus níos fearr ná mar a bhéifí ag súil leis.

Léiriú é suíomh an dáin seo, mar sin, ar uathúlacht na mionteanga agus ar fhéiniúlacht shainiúil an phobail a labhraíonn í. Nuair a chailltear mionteanga, mar sin, cailltear ní hamháin teanga ach cultúr, oidhreacht, modh maireachtála agus nósanna an phobail a labhraíonn í. Is fainic atá sa dán seo dá bharr agus is rabhadh iad Muintir Aas do phobal mionteanga ar bith.

# Deireadh na Feide

**Saol agus Saothar an Fhile**



Rugadh Ailbhe Ní Ghearbhuigh i dTrá Lí, Contae Chiarraí sa bhliain 1984. D'fhreastail sí ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit ar bhain sí céim BA amach sa Ghaeilge agus sa Fhraincis sa bhliain 2005. Bhain sí scoláireacht Fulbright amach le Gaeilge a mhúineadh i gColáiste Lehman i Nua-Eabhrac. Chaith sí tréimhsí ag múineadh sa Fhrainc freisin. Tá PhD aici sa Léann Éireannach agus ba é ábhar a tráchtais ná tionchar na Fraince ar Athbheochan na Gaeilge.

Tá a lán filíochta foilsithe aici agus is iad na cnuasaigh filíochta dá cuid ná Péacadh (2008), Tost agus Allagar (2016) agus Teaspaigh agus Dánta Eile (2022). Bronnadh Corn an Choirnéil Eoghan Ó Néill uirthi dá dán 'Deireadh na Feide' agus bhain a dán 'Filleadh ar an gCathair' áit amach ar ghearrliosta RTÉ 'A Poem for Ireland' sa bhliain 2015. Tá cónaí uirthi i gCorcaigh anois agus is léachtóir i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh í.

# Idir na Línte

Foghlaim TG4

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta